Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11122 — EPCG / JTCP / TYMON / CMI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 318/09)

1. An 31 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EP Corporate Group, a.s., ('EPCG', an tSeicia), atá faoi rialú deiridh an Uasail Daniel Křetínský,

— TYMON a.s., ('TYMON', an tSeicia), atá faoi rialú deiridh an Uasail Roman Korbačka,

— J&T CAPITAL PARTNERS a.s. ('JTCP', an tSeicia), atá faoi rialú deiridh J&T Private Equity Group Limited (an Chipir),

— CZECH MEDIA INVEST a.s. ('CMI' nó 'Target', an tSeicia), atá faoi rialú comhpháirteach EPCG, TYMON agus E-Commerce and Media Investments, a.s..

Gheobhaidh EPCG, TYMON agus JTCP rialú comhpháirteach ar CMI de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid na Seice é EPCG atá gníomhach go príomha i réimse an fhuinnimh, an bhonneagair, na ríomhthráchtála agus na meán (trí CMI). Is infheisteoir gníomhach ar fud na hEorpa é an tUasal Daniel Křetínský, úinéir deiridh EPCG.

— Is cuideachta sealbhaíochta na Seice de chuid an Uasail Roman Korbačka é Tymon, ar infheisteoir é san Eoraip a rialaíonn eintitis atá gníomhach in innealtóireacht cumhachta, bonneagar iompair, tionscal na ngluaisteán, bainistíocht dramhaíola, eastát réadach, miondíol éadaí, giniúint leictreachais agus innealtóireacht fuinnimh.

— Is cuideachta sealbhaíochta de chuid na Seice é JTCP atá faoi rialú indíreach J&T Private Equity Group Limited, atá gníomhach in eastát réadach, maoiniú agus infheistiú, aeriompar, óstáin, seirbhísí TFC, táirgí cógaisíochta agus miondíol.

— Is cuideachta meán de chuid na Seice é CMI atá i láthair thar chineálacha éagsúla meán, lena n-áirítear cló, digiteach, raidió agus VoD TV. Tá réimse gníomhaíochtaí meán á n-oibriú ag CMI sa tSeicia, sa Fhrainc agus sa Rómáin. Tá ilbhrandaí ag CMI trína fhochuideachtaí. Tá gníomhaíochtaí CMI dírithe ar earnáil an chlosamhairc agus na meán.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11122 — EPCG / JTCP / TYMON / CMI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË